Péisteoga

Éinín beag mé, éinín beag dubh
Nuair a tháinig mé amach as an ubh
Bhí mo Mham is mo Dhaidí
Chomh sásta le rí
Ansin am dinnéir, d'ith muid péisteoga

Ó nach iontach an saol é istigh sa nead
Is gearr go mbeidh mo Mham is mo Dhaid
Ag teacht ar ais arís le tuilleadh bia
Suífidh muid síos anseo
Ag ithe péisteoga

Ó coinnigh uaim na burgair is na pónairí
An deoch oráiste is na sceallóga
Ní shin an dinnéar a ardaíonn mo chroí
Mar b'fhearr liom féinín féin mo bhéile péisteoga

Véarsa 1 arís

©1997 & 2006 – Ceol agus liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin